**04_03.mp3**

## Bileog 4.3

Is innealtóir mé agus tá mé ag obair le comhlacht mór tógála le cúpla seachtain anois. Tá conradh trí bliana agam agus tá mé an-sásta faoi sin. Bhí mé ag obair le comhlacht eile ach d'éirigh mé as dhá mhí ó shin mar nach raibh mé sásta leis na coinníollacha oibre. Ba é an chéad phost a bhí agam ó d'fhág mé an coláiste agus rinne mé mo thaithí oibre ansin chomh maith. Post buan an post atá agam anois agus is fearr i bhfad é sin dom. De bhrí gur bainisteoir mé anois sa chomhlacht nua seo bím ag plé leis anbhfoireann i gcónaí agus is dúshlán é sin.

**04_08.mp3**

## Bileog 4.8

Cara: Hi a Phóil, cad é mar atá tú?
Pól: Tá mé go breá go raibh maith agat, agus tú féin?
Cara: Á, tá mé go breá. Tá tusa sa Fhrainc go fóill, nach bhfuil? Ag obair mar iriseoir don nuachtán *Liberation*?
Pól: Tá, tá cinnte, tá mé i Nantes go fóill!
Cara: An bhfuil tú chun fanacht sa phost sin?
Pól: Ní cheapfainn é. Chonaic mé cúpla fógra spéisiúil do phost eile mar iriseoir le gairid. Sílim gur mhaith liom obair do pháipéar eile.

© Ollscoil Mhá Nuad